# TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH

JCt4 Nuachtlitir

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

## FGL 2021/2022

Tá foireann na Teicneolaíochta Feidhmí tar éis tosú ar cheardlann FGL 2021/2022 a dhearadh a éascófar sa chéad scoilbhliain eile. Bhain an fhoireann príomhthéamaí as an aiseolas a thug múinteoirí tar éis cheardlanna FGL na bliana seo caite. Tá foireann na Teicneolaíochta Feidhmí ag tnúth le tacaíocht bhreise a thabhairt daoibh agus sibh ag cur na sonraíochta i bhfeidhm in bhur seomra ranga.

## Coinnigh i dteagmháil

Is iad trí bhealach chun coinneáil suas chun dáta le foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4:

**Tabhair cuairt ar ár leathanach gréasáin:**

www.jct.ie/technologies

**Lean muid ar twitter**

@JCt4ed

**Bí ar ár liosta seoltaí**

Mailing List

Tá na hábhair agus na hacmhainní go léir ó cheardlanna FGL roimhe seo ar fáil ar www.jct.ie i rannóg na dTeicneolaíochtaí.

## Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an Fhómhair dár Nuachtlitir Teicneolaíocht Fheidhmeach JCt4. Tá súil againn agus an nuachtlitir seo á fáil agat go bhfuil tú féin agus do theaghlach sábháilte agus folláin. I rith na bliana, leanfaidh foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4 ar aghaidh ag cur tacaí FGL ar fáil do múinteoirí. Tá seimineár gréasáin á fhorbairt againn faoi láthair don Imeacht Foghlama Ar Líne a bheas ar siúl i mí Dheireadh Fómhair, tuilleadh sonraí le teacht. Is féidir rochtain a fháil ar thacaí FGL na bliana seo caite anseo.


## Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrísch

D'eisigh an CNCM doiciméad nuashonraithe le déanaí, i Meán Fómhair na bliana seo, ina leagtar amach na socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích don chohórt scoláirí 2019/2022. Tá an doiciméad sin ar fáil anseo.

Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid[3] (riachtanach)

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 8 Deireadh Fómhair 2021 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé hAoine, 15 Deireadh Fómhair 2021 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair 2021 |

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Féinanailís agus meastóireacht an scoláire




Moltar do mhúinteoirí Measúnú Rangbhunaithe 2 a phlé le comhghleacaithe agus aon teagasc agus foghlaim a bheadh ag teastáil a phleanáil. Is féidir tuilleadh sonraí i dtaca le MRB 2 a fháil in *Treoirlínte do Mheasúnuithe Rangbhunaithe Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí* (leathanaigh 19 go 29). Is féidir teacht ar an doiciméad sin trí chliceáil anseo.

## Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2022




Mar is eol daoibh, tá doiciméad eisithe ag an Roinn Oideachais ina sonraítear na socruithe measúnaithe leasaithe do scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta in 2021/2022. Is féidir teacht ar an doiciméad trí chliceáil ar an íomhá thall. Tá sonraí na socruithe measúnaithe don Teicneolaíocht Fheidhmeach ar leathanach 99.

## Pleanálaí Digiteach Excel







Dearadh [Pleanálaí Digiteach Excel](#) chun cabhrú le múinteoirí agus le ranna ábhair i gceann pleanála.

Leis an úsáid is fearr a bhaint as an acmhainn seo, moltar an leathanach faisnéise a léamh agus féachaint ar an bhfísghabháil scáileáin sula dtugann tú aghaidh ar Phleanálaí Digiteach Excel, tá na tacaí sin ar fáil ar ár láithreán gréasáin [anseo](#).

**Nasc suíomh Gréasán:**
[Teicneolaíochtaí | Pleanáil | Teicneolaíocht Fheidhmeach| An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (jct.ie)](#)

## Tacaí Teagaisc agus Foghlama, don Seomra Ranga




Tugann an réimse leathan gníomhaíochtaí atá sa chuid seo breac-chuntas ar roinnt eispéiris fhéideartha d'fhoghlaimeoirí a bheadh oiriúnach chun príomhfhoghlaim do scoláirí a ghníomhachtú thar na snáitheanna agus na gnéithe de shonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí.

**Nasc suíomh Gréasán:**
[Teicneolaíochtaí | Acmhainní | Applied Technology | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (jct.ie)](#)

## Tacaí do MRB 2 JCt4 ar fáil ar [www.jct.ie](#)



Faoin táb Acmhainní don Teicneolaíocht Fheidhmeach, tá réimse leathan gníomhaíochtaí againn a thugann breac-chuntas ar eispéiris fhéideartha foghlaimeoirí a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun príomhfhoghlaim a ghníomhachtú do scoláirí thar shnáitheanna agus gnéithe de shonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí.

Anseo thíos tá rogha acmhainní againn a chabhróidh leat féin agus le do scoláirí roimh, le linn, agus tar éis MRB 2. Cliceáil ar na naisc thíos don tacaíocht aonair:

[Lá FGL 2020/2021 an SSM don Teicneolaíocht Fheidhmeach, sleamhnáin 89 go 117](#)
[Acmhainn Mhachnaimh – Múinteoirí agus Scoláirí.](#)
[Pleanáil do mheasúnuithe rangbhunaithe](#)
[Acmhainní Cheardlann Éascaithe AFMÁ.](#)

## Sa nuacht

Sa chuid seo den nuachtlitir, breathnóimid ar scéalta nuachta reatha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i seomra ranga na Teicneolaíochta Feidhmí.




Cuireadh plaistigh bhoga, ar nós cumhdaigh agus málaí plaisteacha, leis an liosta athchúrsála tí mar gheall ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht ag áiseanna athchúrsála na hÉireann.
Is féidir teacht ar liosta iomlán na míreanna a chuirtear i do bhosca athchúrsála ag [https://www.mywaste.ie/page-what-to-do-with/](https://www.mywaste.ie/page-what-to-do-with/)

**Nasc suíomh gréasáin:** [https://www.thejournal.ie/plastic-recycling-green-bin-5541527-Sep2021/](https://www.thejournal.ie/plastic-recycling-green-bin-5541527-Sep2021/)

Spreagann Teicneolaíocht Fheidhmeach scoláirí chun scrúdú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil a roghanna dearaidh. Is féidir leis an alt seo a bheith mar acmhainn nó mar spreagadh chun scoláirí a mhealladh i gceann foghlaim fhéideartha laistigh de na torthaí foghlama: 1.6, 1.9, 3.1, 3.3, 3.5, 3.8, 3.9.

Ar deireadh, ba mhaith le foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4 gach rath a ghuí oraibh don bhliain acadúil amach romhainn. Táimid ag tnúth le bheith ag cabhrú libh i rith na bliana. Idir an dá linn, fanaigí slán sábháilte, tugaigí aire daoibh féin agus do bhur scoláirí.

Le dea-mhéin,

Foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4